# Peantomanónna

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna 2T, feasacht ar spásúlacht<br>*Comhtháthú - Teanga* |
| **Scileanna Forbartha** | • Réasúnaíocht - hipitéisí a cheapadh agus trialacha a dhéanamh chun iad a thástáil<br>• Réasúnaíocht - patrúin agus coibhneasa matamaiticiúla a chuardach agus a iniúchadh<br>• Cur i bhfeidhm - straitéisí meabhracha agus bealaí oibre a chumadh agus a úsáid chun tascanna matamaiticiúla a chomhall |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | cearnóg, dronuilleog, teisiligh, dúradán, tromanó, teatromanó, peantomanó, eagar, ar leith, patrún, rothlú, frithchaitheamh, eangach |
| **Áiseanna** | tíleanna cearnógacha nó cearnóga gearrtha ó pháipéar, páipéar cearnógach, cruthanna ó Uirlis Sórtála Mol Mata |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

Oibríonn na daltaí i ngrúpaí chun polomanó a fhiosrú; cruthanna atá déanta as cearnóga a chur le chéile ionas go ndéanfaidh siad aonad, rud is féidir gearradh amach gan titim as a chéile.

### 1 Gníomhaíocht 1

Taispeáin dúradáin do na daltaí agus spreag freagra maidir leis an ainm atá orthu. Mínigh go bhfuil dúradáin déanta as dhá chearnóg a théann le chéile chun aonad a chruthú. Inis do na daltaí go dtugtar tromanó ar thrí chearnóg a théann le chéile. Tabhair cearnóga do na daltaí agus iarr orthu eagair dhifriúla do na tromanónna a aimsiú. Fiosraigh na heagair dhifriúla a d'aimsigh siad. Pléigh cé acu atá rothluithe nó frithchaithimh ina n-eagair nua nó nach bhfuil.

### 2 Gníomhaíocht 2

Mínigh do na daltaí go dtugtar teatromanó ar ceithre chearnóg a théann le chéile. Tabhair cearnóga do na daltaí agus iarr orthu eagair dhifriúla do na teatromanónna a aimsiú. Fiosraigh na heagair dhifriúla a d'aimsigh siad. Fiosraíonn na daltaí na heagair agus sainaithníonn siad frithchaithimh agus rothluithe a chuir siad san áireamh agus scoitheann siad na teatromanónna ar leith.

### 3 Gníomhaíocht 3

Fiosraíonn daltaí patrúin, patrúin is féidir a dhéanamh ó theisiliú gach aonad ar leith de theatromanónna. Úsáideann siad páipéar cearnógach chun a bpatrúin a tharraingt.

### 4 Gníomhaíocht 4

Mínigh an focal peantomanó. Spreag freagra uathu gurb é seo 5 chearnóg curtha le chéile.
Tabhair cearnóga do na daltaí agus iarr orthu eagair dhifriúla do na peantomanónna a aimsiú. Fiosraigh na heagair dhifriúla a d'aimsigh siad. Sainaithníonn na daltaí na peantomanónna ar leith. Is féidir leis na daltaí a gcuid peantomanónna a thaifeadadh i ndialann mhatamaitice nó grianghraif a úsáid.

### 5 Gníomhaíocht 5

Is féidir leis an daltaí na rudaí seo a leanas/rud amháin acu a fhiosrú:

- Cé mhéad peantomanó a fhillfidh isteach i mbosca béaloscailte?
- Cé mhéad dronuilleog de mhéideanna difriúla is féidir a dhéanamh ag úsáid peantomanónna? Mar shampla, 3, 4 agus 5.
- An féidir leat na peantomanónna ar fad a úsáid chun dronuilleog a dhéanamh?
- An bhfuil sé indéanta cruthanna eile a dhéanamh ó na peantomanónna?


## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cé mhéad eagar a d'aimsigh tú?<br>• An bhfuil frithchaithimh/rothluithe curtha san áireamh agat i d'eagair?<br>• An eagair ar leith iad seo?<br>• Cad é an líon is mó peantomanónna is féidir leat a dhéanamh chun dronuilleog a dhéanamh?<br>• An gcuireann do pheantomanónna litreacha ar bith i gcuimhne duit? | • Cad é a fuair tú amach faoi d'eagair?<br>• An bhfuair tú na heagair ar leith ar fad? Conas is féidir leat sin a chruthú?<br>• Cad iad na focail is féidir leat a litriú le do pheantomanónna? Cé mhéad focal éagsúil is féidir leat a aimsiú? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

Seo na 5 theatromanó.



**Peantomanó!**

Seo na 12 pheantomanó.

